


Bileog 13.1a

An pobal agus an stát

Stór focal

Bí ag obair leis an duine in aice leat – bainigí úsáid as an fhoclóir atá tugtha daoibh chun cur síos a dhéanamh ar an phictiúr seo:



faireachas
saoránach
stát uathlathach

faireachas leictreonach
údarás an stáit shibhialta
saoirse

TCI (teilifís chiorcaid iata)
stát póilíní
sábháilteacht

An pobal agus an stát

Plé

Anois, pléigí na ceistanna thíos le chéile:

1. An féidir libh na habairtí / focail sa phictiúr thuas a aistriú go Gaeilge?
2. An gcuireann rialtas na hÉireann isteach ar phríobháideacht an duine, dar libh?
3. An bhfuil an iomarca TCI sa tír seo? Cén buntáiste a bhaineann leis, dar libh?
4. An dtugann sibh eolas pearsanta uaidh ar an idirlíon? Cad é an dainséar a bhaineann leis seo a dhéanamh?
5. An bhfuil aon eolas agaibh faoi thíortha a bhfuil stát póilíní acu?
6. Cad atá i gceist leis an téarma 'paranáia'? Cad iad na rialtais is mó a fhulaingíonn ón ghalar seo, dar libh?

Bileog 13.1b

An pobal agus an stát

Léamh

Léigh an t-alt ó www.nosmag.com faoi na modhanna atá ag an rialtas chun eolas a fháil faoi shaoránaigh an stáit. Ansin pléigh na ceisteanna ag deireadh an ailt le duine eile.

CCTV - cé atá ag faire ort?

Cártaí aitheantais, CCTV agus faireachas leictreonach; is iomaí dóigh atá ag an rialtas súil a choinneáil orainn go léir, ach an bhfuil barraíocht cumhachta ag ‘Deartháir Mór’ sa lá atá inniu ann? Creidtear, i gcathair cosúil le Baile Átha Cliath, go mbeirtear ar an ghnáthdhuine 300 uair ag CCTV (nó TCI, Teilifís Chiorcaid Iata) in aghaidh an lae amháin. Samhlaigh mar sin - ar an bhealach chun na hoibre, ag siopadóireacht sa chathair, nó ar dháta le do ghrá geal - beidh tú i gcónaí faoi scáth an fhaireachais. Deir na cumhachtaí móra go ndéanann ceamaraí TCI cosaint in éadan gadaíochta, coireanna foréigneacha agus bruscair - i gcathracha áirithe san Eoraip tá ceamaraí a thugann íde béil do chiontóirí fiú!

Ach caidé faoi chearta s’againne? Nach bhfuil príobháideachas níos tábhachtaí? Dar le lucht cáinte, is féidir leis an rialtas tuairisc a choinneáil orainn ar fad, ag taifeadadh ár gcuid gluaiseachtaí trí TCI nó, níos measa arís, ár gcuid cártaí creidmheasa. Tógtar ár sonraí pearsanta gach uair a íocann muid le plaisteach, agus sa saol seo i ndiaidh 9/11, ní bhíonn aon leisce ar phóilíní féachaint ar na taifid. Ciallaíonn seo gur féidir a rá go furasta cén áit a raibh tú go díreach agus cén t-am a raibh tú ann; i bhfocail George Orwell ón úrscéal iontach ‘1984’, “Tá Deartháir Mór ag faire ort.”

Dar leis an rialtas is mar gheall ar sceimhlitheoireacht atá an oiread sin socrúithe cosanta de dhíth na laethanta seo. Leoga, buíochas le ‘Acht an Tírghráthóra’ (nó ‘Patriot Act’), is féidir le seirbhís rúnda SAM éisteacht le scairteanna gutháin, ríomhphoist a léamh agus uimhreacha cártaí creidmheasa a bhailiú “leis an náisiún a aontú agus a neartú”.

B’ábhar conspóideach é cártaí aitheantais sa Bhreatain nuair a léiríodh go raibh sé ar intinn ag páirtí an lucht oibre ceann a bheith ag gach aon saoránach. Cárta ar a mbeadh méarlorg, grianghraf agus scan súile sábháilte air a bhí i gceist, ach theip ar na pleananna nuair a labhair grúpaí cearta sibhialta ar nós ‘Liberty’ amach faoi. Níor cuireadh deireadh leis áfach, tá sé tagtha chun cinn go mbeidh ar imircigh cárta a bheith acu má tá siad ag iarraidh fanacht sa tír.

Ach ní hé an stát amháin a bhíonn ag amharc orainn. Fágtagar fianáin (*cookies*) ar ár ríomhairí achan uair a thugaimid cuairt ar shuíomh idirlín a dhéanann taifead de caidé atá á cheannach againn, ag lorg agus ag amharc air.

Úsáideann comhlachtaí an t-eolas seo le heolas a fháil fúinn, a gcuid custaiméirí, i ngan fhios dúinn féin.

Ach níor cheart dúinn a bheith ag gearán ar chor ar bith, dar le go leor daoine, nuair atá roinnt mhaith againn sásta ár saol pearsanta a léiriú ar shuímh ghréasáin cosúil le *Bebo* agus *MySpace*. Bíonn gach rud ó áit chónaithe go haois agus grianghraif phearsanta ar fáil do dhuine ar bith mura mbíonn a bpróifíl ceilte acu - in amanna ní chaithfidh tú ach ainm an duine a *Ghoogláil* agus preabfaidh sé aníos.

Mar sin, caidé is féidir linn a dhéanamh má tá muid buartha faoin stát póilíneach? Bhuel, chan mórán, a déarfadh go leor, mar is í an fhírinne ná go gcaithfidh muid glacadh le cuid mhaith de na socrúithe seo ós rud é gur dlí na tíre é. Ach deirtear linn gan barraíocht eolais a thabhairt amach ar an idirlíon más féidir, agus a bheith airdeallach faoi ghrúpa ar bith a bhíonn ag lorg sonraí pearsanta uait.

Cá bhfios cén cineál modhanna faireachais eile atá romhainn sa todhchaí, ach cheana féin tá teicneolaíocht á forbairt ag ‘Deartháir Mór’ a aithneoidh aghaidh Thadhg an mhargaidh go díreach ó íomhánna TCI agus é ag siúl síos an tsráid... coinnigh súil ar an spás seo. **Cillian de Búrca**

An pobal agus an stát**Plé**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad a mheas tú faoin alt seo? Ar shíl tú go raibh sé éasca nó deacair?
2. Cad is féidir leat a rá faoi theanga an ailt? An féidir leat tuairim an scríbhneora faoin topaic a thomhas ó theanga an ailt? Conas?
3. An ndearnadh riamh taifeadadh ort féin i ngan fhios duit?
4. Pléigh an ráiteas seo: 'tá an t-idirlíon ag scríos phríobháideachas an duine'.

An pobal agus an stát**Teanga**

Déan na cleachtaí seo anois leis an duine in aice leat.

- (a) Is léir go bhfuil canúint Uladh ag scríbhneoir an ailt. Roghnaigh na focail agus na fráasaí ón téacs a chuireann an chanúint sin in iúl. Breac síos na focail atá agat féin ar na leaganacha Ultacha a roghnaíonn tú.
- (b) Bhí an uimhir iolra de na focail thíos sa téacs. An cuimhin leat cad é? Breac féin síos ar dtús é agus ansin féach siar ar an alt le feiceáil an raibh an ceart agat.

cumhacht mhór	cathair áirithe	socrú cosanta	scairt ghutháin
fianán	imirceach	suíomh gréasáin	grianghraf
pearsanta	uimhir chárta creidmheasa		
- (c) Féach ar an fhocal 'dóigh'. Is féidir an focal seo a úsáid ar a lán bealaí - cad iad?

Bileog 13.2**An pholaitíocht****Éisteacht**

Beidh tú ag éisteacht le trí mhír nuachta ar ball. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre, bunaithe ar na focail tugtha.

- Mír 1: Ian Óg Paisley/téarma príosúin/díspeagadh cúirte/Billy Wright
 Mír 2: Cairdinéal Seán Brady/ceannairí paraimléatacha/Ard Mhacha/arm
 Mír 3: Teachtaí Dála/cáinainéis/liúntais/ciorruithe

Éistigí le gach mír uair amháin anois. An raibh an ceart agaibh faoi ábhar na míreanna?

An pholaitíocht**Teanga**

Éist le mír 1 agus mír 3 arís agus líon na bearnaí sna scrípteanna. Nuair atá tú críochnaithe féach an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat.

Mír 1

Gheofaí go ngearrfar fineáil nó téarma príosúin ar _____ de chuid rialtas Stormont, an Teachta Tionóil Ian Óg Paisley, mar gheall ar dhíspeagadh cúirte, mura gcuireann sé na húdaráis ar an eolas faoi _____ an lae faoi na foinsí a bhí aige maidir le heolas a thug sé do bhinse fiosraithe a bhí ag fiosrú bás Billy Wright. D'ordaigh an _____ i mBéal Feirste dó a leithéid a dhéanamh agus thug go dtí an lá inniu dó a chuid eolais a chur in iúl. Dúirt Ian Óg Paisley gur tugadh ordú beagnach 6 mhíle cáipéis a scríosadh i ndiaidh marú Billy Wright sa bhliain 1997 ach dhiúltaigh sé an t-oifigeach príosúin a thug an t-eolas dó a ainmniú. Tá sé curtha in iúl ag Ian Óg Paisley nach bhfuil sé chun achomharc a dhéanamh i leith _____ na cúirte agus tabharfar an cás os comhair na cúirte arís níos déanaí sa mhí.

Mír 3

Deimhníodh inniu ná cailfidh Teachtaí Dála atá ag suí faoi láthair an liúntas speisialta atá dlite dóibh nuair atá tréimhe fada oibre curtha isteach acu. Fógraíodh sa cháinainéis éigeandála ná beadh liúntais á _____ a thuilleadh ach dúirt Príomh-Aoire an rialtais - an Teachta Dála, Pat Carey - inniu go gcaithfí reachtaíocht nua a dhréachtú agus a _____ i bhfeidhm le haon athrú a chur ar _____ a dhíoltar le Teachtaí Dála. Dúirt an Teachta Carey go bhfuil ciorruithe eile á gcur i bhfeidhm ag an rialtas faoi láthair, ciorruithe i gcostais taistil agus i ranníocaíochtaí pinsin ina measc. Ach nach gcuirfí aon athrú i bhfeidhm ar na liúntais atá á ndíol le Teachtaí Dála faoi láthair.

Pléigí litriú gach focal a líon sibh sna bearnaí agus an chúis gur litrigh sibh iad mar sin. An raibh an tslí a dúradh cuid de na focail ar an téip ag cloí leis an dóigh gur cheart iad a scríobh? Is minic sa chaint nach bhfuaimnítear focail mar a litrítear iad – cad atá ar eolas agaibh faoi seo?

Bileog 13.3

Polaitíocht na hÉireann

Stór focal

Bí ag obair leis an duine in aice leat – déanaigí ransú intinne ar stór focal faoi na topaicí seo a bhaineann leis an bpolaitíocht.

Poist sa Rialtas: An Taoiseach, An tAire Airgeadais...

Cúrsaí toghchánaíochta: Olltoghchán, vóta a chaitheamh...

Polaitíocht an Tuaiscirt: Próiseas na síochána, Aontachtaí...

Polaitíocht na hÉireann

Plé

Bí ag obair leis na daoine sa ghrúpa leat. Féachaigí ar thorthaí na pobalbhreithe “**Ar cheart don ealaíontóir úsáid a bhaint as a chuid ealaíne le cúis pholaitiúil a chur chun cinn**” ó bhlag le Tadhg Mac Dhonnagáin agus pléigí na ceisteanna.

- 40% agaibh den tuairim gur cheart don ealaíontóir úsáid a bhaint as a chuid ealaíne le cúis pholaitiúil a chur chun cinn - an seasamh a thóg leithéidí Raiftearaí, Woody Guthrie agus ealaíontóirí *engagé* go leor eile agus iad i mbun saothair.
- Bhí 22% den bharúil go mbraitheann sé ar an gcláir ar a bhfuil tú i do shuí - is ann, ar ndóigh, a bhíonn na himreoirí iomána (seachas na healaíontóirí) is fearr.
- 13% agaibh a thóg an seasamh cúramach - is é sin go bhfuil sé ceart go leor a bheith ag seasamh go poiblí le cúiseanna conspóideacha -ach seachain an mbeadh lucht an sparáin phoiblí míshásta le do chur chuige neamhspleách agus go bhfágfaí ar an ngannchuid thú dá bharr.
- 13% a raibh dearcadh ní ba spioradálta agaibh, a rá gur bhain an ealaín le cúrsaí an anama agus nár chóir ceisteanna neamhbhuana polaitíochta a lua léi.
- Agus ar deireadh, cheap 9% agaibh nár chóir, mar go ndéanfadh an cur chuige *engagé* díluacháil ar mhianach na healaíne féin, is nach mbeadh inti dá bharr ach bolscaireacht fholamh.

1. Cén vóta a chaithfeá féin sa phobalbhreith thuas? Cén fáth?
2. An saothraíonn polaiteoirí na hÉireann an iomarca airgid, dar libh?
3. An bhfuil muinín agat as polaiteoirí na tíre? Cén fáth?
4. An gcaitheann tú vóta sna toghcháin a bhíonn ar siúl? An bhfuil sé tábhachtach vóta a chaitheamh, dar leat?
5. An mbaineann páirtithe polaitiúla na tíre leis an eite dheis nó leis an eite chlé nó an gceapann tú go bhfuil meascán maith polaitíochta ann, dar leat?

Bileog 13.4

Polaitíocht idirnáisiúnta

Stór focal

Bí ag obair leis an duine in aice leat – déanaigí ransú intinne ar stór focal faoi na topaicí seo a bhaineann leis an bpolaitíocht.

An tAontas Eorpach: Na baill stáit...

Toghchán Mheiriceá: Feachtas...

An pholaitíocht & cogáí: Ionsaí diúracáin...

Polaitíocht idirnáisiúnta

Plé

Bí ag obair leis na daoine sa ghrúpa leat - féachaigí ar thorthaí na pobalbhreithe “**Ar cheart glacadh le Conradh Liospóin an t-am seo thart**” ó bhlag le Tadhg Mac Dhonnagáin agus pléigí na ceisteanna.

Tá conradh Liospóin fós idir dhá cheann na meá sa bpobalbhreith bídeach beag, neamheolaíoch a réachtáladh anseo sa ngarraí an tseachtain seo.

- Tá 35% agaibh den tuairim nár chóir glacadh leis, mar gur chaith muintir na hÉireann vóta ar an gceist cheana féin agus diúltaíodh dó.
- Bhí 11% eile den tuairim nár chóir mar go bhfuil an iomarca cumhachta ag an Eoraip in imeachtaí na hÉireann - sin 46% ina choinne.
- Ar an taobh eile den chlaí, tá 23% agaibh den tuairim gur chóir glacadh leis mar gan an Eoraip, tá an tír seo réidh.
- Lena chois sin, cheap 29% agaibh gur chóir athvótáil a dhéanamh mar gur baineadh an reifreann deireadh le deargbhréaga.

1. Cén vóta a chaithfeá féin sa phobalbhreith thuas? Cén fáth?
2. Cén bhaint atá ag an Aontas Eorpach le do shaol féin?
3. An bhfuil muinín agat as polaiteoirí na hEorpa? Cén fáth?
4. An leanann tú cúrsaí polaitíochta na Stát Aontaithe?
5. Cad a cheapann tú faoi shíntiúis pholaitíochta go ginearálta?
6. An mbíonn an iomarca tionchair ag na meáin chumarsáide ar chúrsaí polaitíochta, dar leat?